BEACHA BROIDIÚLA DORDÁNACHA!

Beach mheala

Áirítear le pailneoirí beacha, éin, ialtóga, féileacáin, leamhain, cuileoga, ciaróga, foichí agus mamaigh bheaga. Teastaíonn pailneoirí uainn le cinntiú go bhfuil cuid mhór torthaí agus glasraí sláintiúla againn agus go mbíonn ár dtuath (agus gairdíní!) á gcoimeád lán de bhláthanna fiáine deasa. Tá beacha ar cheann de na pailneoirí is tábhachtaí. Tá breis agus 100 speiceas éagsúla de bheacha in Éirinn. Áirítear leis seo 21 speiceas de bhumbóg agus 1 speiceas dúchasach de bheach mheala *(Apis mellifera)*. Is feithidí sóisialta iad bumbóga agus beacha meala a chónaíonn i gcoilíneachtaí le máthair áil agus beacha oibre fireanna agus baineanna.

De ghnáth cónaíonn beacha meala i gcoirceoga agus cónaíonn bumbóga sa talamh nó i gcrainn atá tollta amach. Den chuid is mó is speicis aonair iad na speicis eile agus ciallaíonn sé sin go neadaíonn siad ina n-aonar. Is iomaí speiceas beach atá ag dul i léig in Éirinn agus tá 2 speiceas díofa le 80 bliain anuas. Is muidne is cúis leis sin, go bhfuil siad gan dídean, trí easpa gnáthóga nádúrtha a fhágáil dóibh le cónaí iontu. Ní mór dúinn na beacha a chosaint chun ár bpláinéad agus muid féin a choimeád sláintiúil!

Bumbóg

Is Limistéar Caomhantais Chumann Bheach Mheala Dhúchasach na hÉireann (NIHBS) í Páirc Chaisleán Chill Chainnigh. Tá coilíneachtaí Apis mellifera ina gcónaí i gcoirceoga, boscaí éan agus fiú i mballaí an chaisleáin!

Aimsigh na focail sa bhosca thíos……!

BLÁTH	**SCIATHÁN**	**BEACH**	**BARR**
MIL	**COIRCEOG**	**PAILIN**	**DORDÁN**

H	S	C	I	A	T	H	Á	N	F	P	M	D	L
P	G	S	A	P	L	J	N	B	A	R	R	E	D
A	U	B	L	Á	T	H	G	J	I	E	P	G	O
I	W	S	V	J	T	A	L	P	M	F	M	K	R
L	M	S	U	B	E	A	C	H	I	B	I	H	D
I	P	E	T	K	O	D	P	B	E	V	L	F	Á
N	D	C	O	I	R	C	E	O	G	J	E	W	N

Líon na bearnaí leis na focail thíos……!

SEILIDE	**TALAMH**	**NÍOS LÚ**
BAINEANNA	**COTHAÍONN**	**COIRCEOG**

Tá beacha aonair _____ ná bumbóga agus tá cruthanna éagsúla díobh agus dathanna éagsúla orthu.

I ndomhan na mbeach, is iad na beacha _____ amháin ar féidir leo cealgadh!

Déanann beacha aonair tolltacha a gcuasnóga trí phoill a thochailt sa _____.

De ghnáth _____ bumbóga ar bhláthanna faoi 1km dá gcuasnóg, ach is féidir leo taisteal suas le 5km!

D'fhéadfaí suas le 50,000 beach mheala a bheith i g_____.

Cónaíonn an bheach aonair *Osmia aurulenta,* i ndumhcha agus neadaíonn sí i mblaoscanna _____ folmha amháin.

Greadann beacha a sciatháin thart ar 200 uair in aghaidh an tsoicind agus féadann siad eitilt suas le 25km san uair!

Seo 5 bhealach lenar féidir leat beacha a chuidiú….

- Ná bain d'fhéar ná ar a laghad ná bain an féar ar fad! Braitheann beacha ar bhláthanna le haghaidh a mbia. Lig do bhláthanna fiáine dúchasacha amhail caisearbhán agus seamair forbairt, is breá le beacha cothú orthu seo! Má chuireann tú bláthanna fiáine ar bith déan cinnte de gur cinn dhúchasacha in Éirinn iad.
- Saothraigh plandaí atá saibhir i bpailin agus neachtar i do ghairdín, amhail plúiríní sneachta agus cróch. Is breá le beacha cothú ar luibheanna amhail tím, sáiste agus lus liath, chomh maith leis na bláthanna a fhásann ar chrainn dhúchasacha na hÉireann amhail sceach gheal, caorthann, saileach agus cuileann.
- Cruthaigh gnáthóga neadaithe do phailneoirí trí roinnt limistéir a fhágáil fiáin nó roinnt talamh lom a scríobadh siar. Is féidir leat freisin giolcacha nó gais bambú a úsáid le hóstán beag beach a dhéanamh ina bhféadann na beacha neadú.
- Úsáid feithidicídí, fuingicídí agus luibhicídí a sheachaint. D'fhéadfadh siad dochar a dhéanamh do bheacha, mearbhall a chur orthu nó beacha a mharú agus a bhfoinsí bia a scriosadh.
- Labhair le do chairde agus teaghlach agus inis dóibh faoi cé chomh hiontach agus tábhachtach is atá beacha. Cuir ar shúile gach duine é agus **BEE FEASACH**!

FÉACH AR WWW.POLLINATORS.IE CHUN TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL